Gaelchultúr

# AR AIS AR SCOIL!

## GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ



# back to school

## IRISH FOR PARENTS



# Clár an Ábhair
## *Table of Contents*

**Caibidil** | **Leathanach**


1 **Réamhrá** *Introduction* ........ 2

2 **Ainmneacha ceana** *Pet names* ........ 4

3 **Moladh agus Treoir** *Praise and Guidance* ........ 5

4 **Ar maidin** *Morning time* ........ 7

5 **I ndiaidh na scoile** *After school* ........ 8

6 **Am Béile** *Mealtime* ........ 9

7 **Am Folctha** *Bath Time* ........ 10

8 **Am Luí** *Bedtime* ........ 11

9 **Ag Geataí na Scoile** *At the School Gates* ........ 12

10 **Ag Cruinniú Tuismitheoirí agus Múinteoirí** *At a Parent-Teacher Meeting* ........ 14

11 **Ag scríobh nóta sa dialann scoile** *Writing a note in the school journal* ........ 15

# Réamhrá



Agus muid ag druidim i dtreo scoilbhliain nua, tá lúcháir ar Ghaelchultúr an frásleabhar saor in aisce seo a roinnt leat, a dearadh go speisialta le tacú leat tuilleadh Gaeilge a fhí isteach i ngnáthamh do chlainne agus í ag filleadh ar scoil. Tá an acmhainn seo lán go béal leis na céadta frása praiticiúil agus le hainmneacha ceana, lena chinntiú go mbeidh na frásaí cuí Gaeilge ar bhur dtoil agaibh is cuma más am éirithe, am béile nó am folctha atá ann.

Tá comhaid fuaime ann do gach frása chun cabhrú leat fuaimniú cruinn a bhaint amach, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca ná riamh an Ghaeilge a úsáid go muiníneach i rith do lae. Ó chomhráite ag geataí na scoile go cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, pléitear réimse leathan ábhar sa fhrásleabhar seo chun cuidiú leat féin agus le do pháistí dul i muinín na Gaeilge, is cuma cad atá idir lámha agaibh.



Más spéis leat barr feabhais a chur ar do chumas sa Ghaeilge, déan cúrsa ar líne le Gaelchultúr. Cibé acu ab fhearr leat tabhairt faoi rang seachtainiúil nó foghlaim ar do luas féin ar ranganna.com, tá cúrsa againn duit a oirfidh do do sceideal féin.

Tosaigh le céim bheag, bí ag labhairt go minic, agus cuideoimid leat an Ghaeilge a chothú mar theanga bheo sa bhaile.

# Introduction



*As we head into another school year, Gaelchultúr is delighted to share this free Irish-language phrasebook with you, designed to help you incorporate Irish into your family's back-to-school routine. This resource is filled with hundreds of practical phrases and endearing pet names, ensuring that whether it's morning time, mealtime or bath time, you'll have the Irish you need at your fingertips.*

*We've also included audio files for each phrase to assist with pronunciation, making it easier than ever to confidently use Irish throughout your day. From conversations at the school gates to parent-teacher meetings, this phrasebook covers a wide range of scenarios, helping you and your child to embrace Irish at every turn.*

*If you'd like to hone your Irish language skills, take an online course with Gaelchultúr. Whether you'd prefer to take a weekly class or learn at your own pace on ranganna.com, we have a course to suit your lifestyle.*

*Start small, speak often, and we'll help you to make Irish a living language in your home.*

Gaelchultúr

# Ag labhairt le do pháiste
*Speaking to your child*

2

## Ainmneacha ceana
*Pet names*

**A stóirín**
*(Little) Darling*

**A ghrá**
*Love*

**A pheata**
*Pet*

**A chroí**
*Sweetheart*

**A mhuirnín**
*Darling*

**A thaisce**
*Treasure*

**A leanbh**
*Baby*

**A rún**
*Precious*



Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
*Click to hear the phrases aloud*

Gaelchultúr

**A dhiabhailín**
*Little devil*

**A scubaidín**
*Little messer*

**A rógaire**
*You rascal*



## Moladh agus Treoir
## *Praise and Guidance*

3

**Maith thú!**
*Well done!*

**Maith an buachaill! / Maith an cailín!**
*Good boy! / Good girl!*

**Tá sé sin go hálainn.**
*That's lovely.*

**Ar fheabhas!**
*Excellent!*

**Sár-iarracht!**
*Great try!*

**Táim an-bhródúil asat.**
*I'm very proud of you.*

**Mo cheol thú!**
*Good job! [you are my music]*



Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
*Click to hear the phrases aloud*

**Nár lagaí Dia thú!**
*Good job! [may God not weaken you]*



**Bí cúramach!**
*Be careful!*

**Coimhéad do mhéara!**
*Mind your fingers!*

**Tóg go bog é!**
*Take it easy!*

**Éirigh as!**
*Cut it out! / Quit it!*

**Ná déan sin, le do thoil.**
*Don't do that, please.*

**Táim chun comhaireamh go dtí a trí.**
*I'm going to count to three.*

**Stop é sin, le do thoil!**
*Stop that, please!*

**Tá cosc ar an teilifís don chuid eile den lá.**
*No television for the rest of the day.*

**Níl cead an t-idirlíon a úsáid don chuid eile den tráthnóna.**
*The internet is off-limits for the rest of the evening.*

**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

# Ar maidin
# *Morning time*

4



**Maidin mhaith, a stór!**
*Good morning, dear!*

**Tá sé in am éirí!**
*It's time to get up!*


**Dúisigh, a chodlatáin!**
*Wake up, sleepyhead!*

**An bhfuil tú i do dhúiseacht?**
*Are you awake?*

**Ar chodail tú go sámh?**
*Did you sleep well?*

**Déan deifir nó beidh muid mall don scoil!**
*Hurry up or we'll be late for school!*

**Ith do bhricfeasta**
*Eat your breakfast*



**Faigh do mhála scoile.**
*Get your school bag.*

**Seo linn! / Ar aghaidh linn!**
*Let's go!*

**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

# I ndiaidh na scoile
## *After school*

5

**Conas a bhí do lá?**
*How was your day?*

**Cad a rinne tú ar scoil inniu?**
*What did you do at school today?*



**Ar ith tú do lón ar fad?**
*Did you eat all your lunch?*

**Ar thug an múinteoir obair bhaile daoibh?**
*Did the teacher give you homework?*

**An bhfuil mórán obair bhaile agat?**
*Do you have much homework?*

**Déan d'obair bhaile luath seachas mall anocht.**
*Get your homework done early tonight.*

**Athraigh do chuid éadaí.**
*Change your clothes.*

**Ar mhaith leat smailc bheag?**
*Would you like a small snack?*



**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

# Am Béile
*Mealtime*

6

**An bhfuil ocras ort?**
*Are you hungry?*

**Cad ba mhaith leat le hithe?**
*What would you like to eat?*

**Níl an dinnéar réidh go fóill.**
*Dinner isn't ready yet.*



**Tá an dinnéar réidh!**
*Dinner's ready!*

**An gcabhróidh tú liom an bord a leagan, le do thoil?**
*Will you help me set the table, please?*

**Bain triail as!**
*Try it!*

**Críochnaigh do ghlasraí, le do thoil.**
*Finish your vegetables, please.*

**An bhfuil tuilleadh uait?**
*Would you like some more?*

**An raibh do dhóthain agat? / An raibh do sháith agat?**
*Did you have enough?*

**An bhfuil tú críochnaithe?**
*Are you finished?*

**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

**Bíodh tuilleadh agat!**
*Have some more!*

**Oscail do bhéilín!**
*Open wide!*

**Tá an t-eitleán ag teacht!**
*Here comes the aeroplane!*



# Am Folctha
## *Bath Time*

7

**Tá sé in am folcadh a bheith agat.**
*Time for a bath.*

**Conas atá an t-uisce? Róthe, rófhuar, díreach i gceart?**
*How is the water? Too hot, too cold, just right?*

**Slubar, slabar**
*Splish, splash*

**Cá bhfuil an lachín?**
*Where's the little duck?*

**Dún do shúile / Clúdaigh do shúile**
*Close your eyes / Cover your eyes.*

**Nigh do lámha.**
*Wash your hands.*





**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

**Ar scuab tú do chuid fiacla?**
*Have you brushed your teeth?*

**Is gá dúinn do chuid gruaige a chíoradh.**
*We have to comb your hair.*

## Am Luí
## *Bedtime*

8

**Tá sé in am dul a chodladh!**
*Bedtime!*

**An bhfuil tuirse ort? / Nach bhfuil tuirse ort?**
*Are you tired? / Aren't you tired?*



**Tá sé thar am agat dul a chodladh.**
*It's past your bedtime.*

**Cuirimis do phitseámaí ort.**
*Let's get you into your pyjamas.*

**Ar mhaith leat scéilín a léamh?**
*Would you like to read a bedtime story?*

**Roghnaigh dhá leabhar ón tseilf agus léifimid iad le chéile.**
*Choose two books from the shelf and we'll read them together.*

**Cas as an solas anois, le do thoil.**
*Turn off the light now please.*

**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

Gaelchultúr

**Oíche mhaith, a stór.**
*Good night, dear.*

**Codladh sámh.**
*Sleep tight.*

**Feicfidh mé ar maidin thú.**
*See you in the morning.*



# Ag labhairt le tuismitheoirí agus múinteoirí
*Speaking to parents and teachers*

## Ag Geataí na Scoile
*At the School Gates*

9

**Dia duit!**
*Hello!*

**Dia is Muire duit!**
*And hello to you too!*

**Dia duit ar maidin!**
*Good morning!*



Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
*Click to hear the phrases aloud*

**Tá an lá go hálainn, nach bhfuil?**
*Lovely day, isn't it?*

**Tá an aimsir linn le déanaí!**
*Lovely weather we're having lately!*



**Tá teas ann inniu.**
*It's hot today.*

**Tá, buíochas le Dia!**
*Yes, thank God!*

**Tá fuacht ann inniu.**
*It's cold today.*

**Tá faraor!**
*Yes sadly!*

**Conas atá tú? / Cén chaoi a bhfuil tú? / Cad é mar atá tú?**
*How are you?*

**Táim go maith, go raibh maith agat! Agus tú féin?**
*I'm good, thank you! And you?*

**Agus cé hé/hí/hiad seo?**
*And who's this?*

**Cé hé an buachaill beag seo? Cé hí an cailín beag seo?**
*Who's this little boy? Who's this little girl?*

**Seo é Fionn. / Seo í Caoilfhionn. / Seo iad Éinne.**
*This is Fionn. / This is Caoilfhionn. / This is Éinne.*

Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
Click to hear the phrases aloud

# Ag Cruinniú Tuismitheoirí agus Múinteoirí
*At a Parent-Teacher Meeting*

10

**Conas atá ag éirí le Rónán ar scoil?**
*How is Rónán getting on at school?*

**Cé leo a n-imríonn sé ag am lóin?**
*Who does he play with at lunchtime?*

**Cad iad na buanna agus laigí atá aici?**
*What are her strengths and weaknesses?*

**An gceapann tú go bhfuil aon deacrachtaí ag Clíona ar scoil?**
*Do you think Clíona has any difficulties at school?*

**Cad is féidir liom a dhéanamh le cuidiú leo feabhsú sna hábhair lena bhfuil siad ag streachailt?**
*What can I do at home to help them improve in the subjects in which they are struggling?*

**Tá imní orm faoi mo mhac / m'iníon / mo pháiste.**
*I'm worried about my son / daughter / child.*



Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
*Click to hear the phrases aloud*

# Ag scríobh nóta sa dialann scoile

*Writing a note in the school journal*

11

**A mhúinteoir, a chara,**
*Dear teacher,*

**Ní bhfuaireamar an seans an téacsleabhar a cheannach go fóill.**
*We didn't get a chance to buy the textbook yet.*

**Maith do Róisín nach bhfuil an obair bhaile críochnaithe inniu.**
*Please excuse Róisín for not having completed the homework today.*

**Maith do Laoise as a bheith as láthair inné.**
*Please excuse Laoise for their absence yesterday.*



**Bhí sé breoite le 3 lá anuas.**
*He has been sick for 3 days.*

**Bhí tinneas cinn uirthi.**
*She had a headache.*

**Bhí tinneas boilg orthu.**
*They had a tummy ache.*

**Bhí sé ag caitheamh aníos.**
*He was throwing up.*

**Bhí orm í a thabhairt chuig an dochtúir.**
*I had to take her to the doctor.*

Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard
*Click to hear the phrases aloud*

**Bhí sé tuirseach traochta aréir.**
*He was exhausted last night.*

**Bhí sí ar ócáid teaghlaigh aréir.**
*She was at a family event last night.*

**Beidh orm Fionn a bhailiú go luath ón scoil inniu.**
*I'll have to collect Fionn early from school today.*

**Baileoidh Mamó / Daideo / aintín Máire / uncail Séamus iad ón scoil inniu.**
*Granny / Grandad / aunty Máire / uncle Séamus will collect them from school today.*



**Tá coinne fiaclóra/dochtúra aige.**
*He has a dentist/doctor's appointment.*

**Tá scrúdú pianó aici inniu.**
*She has a piano exam today.*

**Beidh mé ansin ag a 2pm chun iad a bhailiú.**
*I'll be there at 2pm to collect them.*

**Tá cead ag Sadhbh freastal ar an turas scoile an tseachtain seo chugainn.**
Sadhbh *has permission to go on the school trip next week.*

**Tá €20 faoi iamh leis an litir seo don turas scoile.**
*Enclosed in this letter is €20 for the school trip.*

**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*

**Tugaim/Ní thugaim cead grianghraif a ghlacadh de mo pháiste ag an imeacht seo.**
*I give/I don't give permission for my child to be photographed at this event.*

**I gcás éigeandála, tugaim cead do mo pháiste cóir leighis a fháil.**
*In case of an emergency, I give permission for my child to receive medical treatment.*

**Mar eolas duit, tá ailléirge ar Ruairí le cnónna/uibheacha/pailin.**
*For your information, Ruairí is allergic to nuts/eggs/pollen.*

**Mar eolas duit, tá asma ar Eoin.**
*For your information, Eoin has asthma.*

**Tá a leigheas i mála plaisteach ina mhála scoile.**
*His medication is in a plastic bag in his schoolbag.*

**An bhféadfá a mheabhrú do Naoise a leigheas a ghlacadh ag a 12pm, le do thoil?**
*Could you please remind Naoise to take their medication at 12pm?*




**Cliceáil leis na frásaí a chloisteáil os ard**
*Click to hear the phrases aloud*